# Nuachtlitir na Nollag 2023

# Scoil Chrónáin

22ú Nollaig 2023

## An Nollaig i Scoil Chrónáin

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí dhile,

Nach aoibhinn beatha an pháiste agus sinn ag druidim i dtreo an Nollaig. Bíonn cad é iontasaí ag tárlú mórthimpeall na háite. Tosaíonn maisiúcháin ag dul suas, soilse ildaite á lasadh ar chrainn nollaig sna seomraí ranga, plé á dhéanamh ar cad a bheidh ag teacht ó Dhaidí na Nollag agus bíonn na sceitimíní ag méadú lá i naghaidh lae.

Cuireann na carúil Nollag a bhíonn le cloisteáil ar fud na scoile, an ealaín a bhíonn á dhéanamh, na síofraí a bhíonn sna ranganna agus na geansaithe, hataí agus na maisiúcháin gruaige ildaite a bhíonn á gcaitheamh ag na leanaí go mór le h-aitmeasféar iontach a chruthú ar scoil.

Tá áit speisialta ag an Beithlín, atá le feiscint i bhfáiltiú na scoile. Meabhraíonn sé dúinn go léir faoi fíorbhrí na Nollag agus a bheith cineálta, flaithiúlach leo siúd a bhfuil ag lorg cúnamh ag an am seo den bhliain. Is aoibhinn leis na páistí é a fheiscint ag dul suas agus táimid chomh buíoch d'Áine agus Tommy a dhéanann sár-iarracht an fáiltiú a mhaisiú gach bliain.

Bhí an-áthas orainn i mbliana go raibh an deis againn "Dráma na Nollag" a bheith ar siúl againn le lucht féachanna beo sa Séipéal. Ár mbuíochas le gach duine a ghlac páirt, ach moladh speisialta d'ár naíonáin bheaga iontacha agus an seó a thug siad dúinn.

Ní tharlaíonn na rudaí seo gan a lán oibre roimh ré. Táim chomh buíoch as gach ball foirne atá ag oibirú go dian ó thús na scoilbhliana agus ar ár bpáistí a ghlac le h-athruaithe atá tugtha ar bord againn gan dua ná gearán.

Tá an t-ádh dearg linn go bhfuil daoine chomh sásta a gcuid tacaíocht a léiriú chomh flaithiúil don scoil aon uair a iarrtar orthu. Táimid chomh buíoch le gach duine a thug aon chabhair dúinn ó thús na bliana. Tá Le Chéile gnóthach ag gníomhú ar ár son i gcónaí. Ár mbuíochas as gach iarracht atá déanta acu dúinn le siúlóid na samhna, eagrú a dhéanamh ar an oíche ar scoil tar éis dráma na nollag, tuismitheoirí a cuireadh ar fáil d'oícheanta oscailte, cluichí a cheannach dos na ranganna, crann nollag a eagrú sa chlós agus a bheith ar fáil i gcónaí don scoil. Neartaíonn na rudaí seo ar fad sprioad an phobail rud atá thar a bheith luachmhar agus cuireann sé go mór lenár scoil.

Guím Beannachtaí na Nollag agus na hAthbhliana oraibh go léir agus ar bhur gcuid.

*Ó Leas Phríomhoide*
*Seán*

**Beidh Scoil Chrónáin ag athoscailt Dé Luain, 8ú Eanáir 2024**

**Scoil Chrónáin re-opens on Monday, 8th January, 2024**

*Dear Parents / Guardians,*

*It is a wonderful sight to see the children's sense of anticipation and excitement build with each passing day as we head towards the Christmas break. From the moment the decorations are put up and the lights are lit in classrooms and the ever increasing chatter of what will await on Christmas morning, one cannot but be envious of the sense of joy & wonder that the children have at this time of year.*

*The sounds of children happily singing Christmas Carols fills the school. The Christmas artwork, the elves that visit the classrooms and the colourful Christmas jumpers, hats and hair accessories help spread Christmas Spirit throughout the school.*

*We have a special place in our school reception for the Nativity Crib. It serves as a reminder to us all of the true meaning of Christmas; to appreciate all that we have and to be kind and generous to those around us, especially those less fortunate. The children love to stop and study every minute detail from when it goes up. We are so grateful for Tommy & Áine who go to such great lengths putting together the Nativity display and decorating the reception area every year.*

*We were particularly delighted to be able to have had the Christmas Play in the church in front of a live audience this year. The children loved taking part in the play. Special mention goes to our Naíonáin Bheaga who brought the house down with their performance.*

*Events like these require a huge amount of preparation and work. I am so very thankful for the efforts of all of the school staff who are working away on behalf of the children since the start of the school year and for the children of the school, who are always willing to learn and have shown great character in adapting to changes introduced in school this year.*

*We are blessed to have so many wonderful people who support the school by giving their time, resources or expertise whenever it is asked. A special mention to Le Chéile who have been very busy since the start of the year organising events such as the Halloween Walk, Fundraising, providing parents to speak at our open night, organising the event after the Christmas Play, sourcing board games for the classes, arranging the Christmas tree in our yard and for always answering our call when asked. All of these things strengthen the sense of community we have in our school and it is vital that we continue to do so.*

*I wish you all a happy and peaceful Christmas and a prosperous New Year. Ó Leas Phríomhoide, Seán*



## Dul Chun Cinn ó Thús na Bliana *Developments Since the Start of the Year.*

Tá béim curtha againn ar na nithe seo ó thús na bliana ar scoil. Aithníodh na pointí thíos tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an scoil mar pháirt d'ár bhféinmheasadóireacht scoile ó anuraidh.
**Gaeilge labhartha ar scoil agus ag am súgartha:** Faigheann páiste i ngach rang corn gach seachtain don iarracht is fearr do labhairt na gaeilge. Córas cártaí do ranganna 3-6 agus mírlíní do NB-R2 chun dea-nósanna a spreagadh. Páistí na Míosa fós ag dul ar aghaidh.
**Léitheoireacht:** Tá infheistíocht mór déanta ag an scoil ar leabhair léitheoireacht i nGaeilge agus i mBéarla. Bíonn siad ag dul abhaile mar thacaíocht do pháistí lena léitheoireacht.
**Teicneolaíocht:** Tá taibléidí faighte ag an scoil do Ranganna 3&4 mar achmhainn tacaíochta don bhfoghlaim. Tá súil againn cur leo do ranganna eile amach anseo. Táimid i gcónaí ag lorg tacaíocht maidir le maoiniú a fháil. Má tá suim agat cabhrú linn bí i dteagmháil leis an oifig nó le Seán.
*The school has identified the following areas for improvement as part of our school self-evaluation process over the last year:*
***Spoken Irish in School & During Play:*** *We continue to implement schemes to improve the speaking of Irish in school. We award pupils on a weekly and monthly basis for their efforts. Also we have introduced an individual card system from R3-6 and a collective marble system for NB-R2 that rewards effort.*
***Reading:*** *The school has made a significant investment in reading books for both Gaeilge & Béarla. They are being sent home with classes as part of their homework and to help develop fluency.*
***Technology:*** *As well as our continued upgrading of our classrooms, the school has obtained a suite of tablets for use by Rang 3 & 4. We are hoping to add to them in the future. If you can help us in any way, please make contact with the school and arrange to speak with Seán.*

## Iontráil Bhliantúil *Annual Admission*




Tá an Proiseas Iontrála do Naíonáin Bheaga 2023-24 tosnaithe. Is é an dáta deiridh chun an Fhoirm Iarratais Iontrála a bheith faighte ar ais ag an scoil ná roimh 5pm ar an 31ú Eanair, 2023. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ag https://www.scoilchronain.ie/iontrail-bhliantuil

*The Admission Process for Naíonáin Bheaga 2024/25 has commenced. The closing date for receipt of the 'Application for Admission Form' is 5pm, on the 31st January 2023. Further information can be found at https://www.scoilchronain.ie/iontrail-bhliantuil*

## Oiche Oscailte *Open Night*



D'eagraigh an scoil Oíche Oscailte ar an 13ú Samhain i mbliana. Theastaigh uainn deis a thabhairt do thuismitheoirí le páistí óga agus atá ag smaoineamh ar iad a sheoladh chuig Gaeilscoil, breis eolas a fháil ar chultúr & éiteas na scoile, chomh maith le h-eolas a fháil ar na buntáistí a bhaineann le hoideachas dátheangach. D'fhreastal slua maith ar an oíche agus táimid an bhuíoch do Le Chéile, tuismitheoirí, leanaí scoile agus na muinteoirí a chabhraigh agus a labhair ag an oíche.

*Scoil Chrónáin held an Open Night for Prospective Parents on the 13th of November. This Open Night was for parents considering sending their children to Scoil Chrónáin in future years. It gave parents the opportunity to visit our school, get insights about our school culture, learn about the benefits of education through the Irish Language, hear directly from current students and parents and meet the school team. It was a great success and we wish to thank Le Chéile, the students, parents and staff that attended and spoke at the event.*

## Amazon




Táimid fíor bhuíoch d'ionadaithe ó Amazon a thug cuairt ar an scoil agus a bhronn seic de €1,500 ar an scoil le déanaí chun cabhrú linn ríomhairí a cheannach don scoil. Táimid buíoch d'aon tacaíocht a fhaighimid chun ár sprioc a chomhlíonadh. Ba mhaith linn go mbeadh achmhainn dhigiteach ar fáil do gach rang ar scoil.

*We are very grateful to Amazon employees who visited us to donate a cheque of €1,500 to the school towards the purchase of computers. We are grateful for all the help we can get to realise our goal of providing digital technology resources for all classes.*

## Le Chéile *Parents Association*

Tá cumann tuismitheoirí iontach againn. Táimid chomh buíoch do gach rud a dhéanann siad dúinn i gcónaí. Bíonn siad i gcónaí sásta cabhrú leis an scoil in aon slí agus bíonn toradh dearfach acu ar thimpeallacht agus aitmeasfár na scoile. Ní féidir linn gan ár mbuíochas a léiriú do Shorcha Ní hIfearnáin agus Sarah Breathnach a d'éirigh as mar Chathaorlaigh ar Le Chéile le déanaí agus fáile a chur roimh Anita Polóc, Ciara Mackin agus Annette Ní Loinsigh a ghlac cinnireacht ar Le Chéile agus atá ag gníomhú go dian ó thosaigh siad.

*We are very fortunate to have a supportive parents association that is a wonderful resource that the school can draw on whenever it is called for. Your efforts are very much appreciated and has such a positive effect on the atmosphere and the school environs themselves. We have to acknowledge the work of Sorcha Heffernan and Sarah Walsh who vacated their roles as co-chairpersons of Le Chéile recently, and we wish Anita Pollock, Ciara Mackin and Annette Lynch the very best in their new roles, which they are busily undertaking.*

## Múinteoir Tara



Guíonn an scoil gach rath ar múinteoir Tara atá ag críochnú linn um Nollaig agus ag tosú saoire máthaireachais. Braithimid uainn go mór í agus táimid chomh buíoch don obair atá déanta aici le Rang a 3 ó thús an bliana. Ní fada uainn ná go mbeidh sí ar ais linn arís. Beidh Múinteoir Niamh ag tógaint an rang mar mhúinteoir sealadach.
Idir an dá linn má tá aithne agat ar aon duine gur mhaith leo post a fháil i Scoil Chrónáin téigh i dteagmháil leis an oifig. Ba bhreá linn labhairt leo.

*We wish Múinteoir Tara the very best as she is finishing up with Scoil Chrónáin to start her maternity leave. She will be greatly missed by both staff and the children of Rang 3A. We will look forward to her returning to Scoil Chrónáin in the near future.*
*Múinteoir Niamh will be taking over as class teacher in the interim. In the meantime if you know anyone who would be interested in a teaching post in Scoil Chrónáin, encourage them to make contact with the office. We would love to have a conversation with them.*



***Members of our Student Council distributing Board Games to classes donated by Le Chéile***

## Múinteoir Ailín



Bhí an-oíche againn sa Séipéal ar an gcéadaoin le Seó na Nollag. Bhí sé go hálainn agus táimid chomh bródúil as ár bpáistí a ghlac páirt. Ba é seo an chéad ócáid a bhí againn gan Múinteoir Ailín a bheith linn ar an oíche. Tá Múinteoir Ailín tar éis seasamh siar óna ról mar stiúrthóir ar cheol i Scoil Chrónáin i mbliana. Cé nach raibh sí ann bhí rian a cuid oibre le feiscint go forleathan ar an oíche. Táimid chomh buíoch as an obair ar fad atá déanta aici leis an ceol a chur chun cinn i Scoil Chrónáin.

*We had a wonderful night at the Christmas Show in the Church on Wednesday. We are so proud of all of the children who took part on the night. This was the first event the school organised without Múinteoir Ailín with us on the night. She has stepped back from her role as school leader with responsibility for music in Scoil Chrónáin this year. Even though she was not there on the night, her work and influence was clearly on show. We are so grateful for everything she has done to promote and develop a musical culture within Scoil Chrónáin.*

## Comhairle na nDaltaí Nua *Student Council*

Tá Comhairle Nua tofa don scoilbhliain 2023-24. Tugann an Comhairle deis do ghuth an pháiste a bheith rannpháirteach i gcinní scoile agus feictear iad mar chinnirí ar scoil Táimid ag súil le h-éisteacht lena gcuid smaointe i rth na bliana. Is iad baill an Chomhairle ná:

*A new Student Council was elected for the 2023.24 school year. The Student Council are seen as leaders in the school and a voice for the students. We look forward to working with them over the coming year. The Student Council Members 2023.24 are:*

| Comhairle na nDaltaí 2023.24 | |
|---|---|
| **N. Bheaga** | Dara & James |
| **N. Mhóra** | Anna & Saoirse |
| **Rang 1** | Conor & Aoileann |
| **Rang 2** | Robyn & Saorla |
| **Rang 3** | Séamus & Alsún |
| **Rang 4** | Gráinne & Dairinn |
| **Rang 5** | Sorcha, Séamus, Elliot & Sadhbh |
| **Rang 6** | Ciarán, Hannah, Maisie & Cillian |

## **Siuloid na Shamhna** /*Halloween Walk*

*We had another successful Halloween Walk again this year. The weather held up well for us! A huge thankyou to all who contributed to the Sponsorship element of the event. The children went to huge efforts getting dressed up for the day. Thank you to Kidspace and Le Chéile for donating prizes for each class.  It is always a great occasion for the children and staff in school.*

















## Spóirt *Sport*

Bhíomar ar fad sásta go raibh cluichí Peil Gaelach Cumann na mBunscol ar ais arís i mbliana do sna buachaillí agus na cailíní i ranganna 3, 4, 5 agus 6 ag tús na scoil bliana seo. Bhí trí chluiche ag foirne na mbuachaillí agus na cailíní sna grúpaí agus dhein na páistí ar fad a mile dícheall sna cluichí san. Faraor, níor cháiligh na cailíní ná na buachaillí óna ngrúpaí cruaidh.

Ba cheart go mbeadh na foirne ar fad sa scoil, na foirne Go Games ina measc an-bhródúil astu féin taréis na cluichí ar fad. Ócáid stairiúil a bhí ann nuair a chuireamar foireann Go Games Cailíní le chéile don chéad uair riamh, comórtas nua a thosnaigh CNMB i mbliana. Táimid ar fad an-bhródúil astu ar fad agus táimid cinnte go mbeidh geansaí an chontae á chaitheamh acu sna blianta atá amach romhainn.

Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabhail le Aoileann, Clodagh, Máirtín agus Nicky a chabhraigh go mór leis na foirne agus na tuismitheoirí ar fad a chabhraíonn i gcónaí. Buíochas mór le Commercials chomh maith, go h-áirithe Deirdre, as ucht a n-áiseanna iontacha a d'úsáid. Léirigh na páistí ar fad suim mhór agus bain go leor triail as a bPeil Gaelach don chead uair. Maith sibh!

Beidh Comórtaisí Trás Tíre (Le cúnamh Dé), Seantreabh, Iománaíochta, Camógaíochta agus Go Games le teacht sa bhliain nua chomh maith le Lá Spóirt, Seachtain Gníomhach agus go leor imeachtaí eile. Táimid ar fad ag tnúth go mór leo seo. Ní neart go cur le chéile. Scoil Chrónáín Abú!

*We were all delighted to see Cumann na mBunscol Gaelic Football games return again for the boys and girls of Rang 3, 4, 5 and 6 at the start of the school year. Both teams played 3 games each in the group stage and left everything on the pitch each and every time. Unfortunately, the girls and boys teams didn't qualify from difficult groups.*

*All the teams in the school, including the Go Games teams should take a lot of positives after all the games. It was a historic occasion too for the school fielding a Girls Go Games team for the first time, a new competition CNMB began this year. We are very proud of them all and I am sure they will build on this experience and we might see a few names playing for the county footballers in the years ahead.*

*A special thanks to Aoileann, Clodagh, Máirtín and Nicky that helped out with all the teams and to the parents that always contribute. A huge thank you to Commercials, especially Deirdre for the use of their superb facilities. The children showed huge interest and enthusiasm and many children tried out Gaelic Football for the very first time. Scoil Chrónáin Abú!*

*We have Cross Country (Hopefully), Santry, Hurling, Camogie and Go Games to look forward to in the new year as well as Sports Day, Active Week and a lot more. We're all looking forward to these activities. Ní neart go cur le chéile. Scoil Chrónáín Abú!*









## Geansaithe Spóirt Nua ar an Slí! *New Sports Jerseys on*

Tá seit nua geansaithe ar an slí don Nollaig i gcomhair foirne Scoil Chrónáin. Bhí géar ghá leo leis na foirne ar fad atá againn anois agus an suim atá á léiriú agus tá buíochas mór ag dul go dtí Colm Aherne agus 'Premierline' atá tar éis urraíocht a dhéanamh orthu. Táimid ar fad an-bhuíoch as an bhflaithiúlacht agus as an sár jab a dhéanann 'Premierline' ar son na scoile i gcónaí. Meas mór i gcónaí! Má tá aon chomhlacht eile ansan amuigh a bheadh sásta urraíocht a dhéanamh ar seit eile, ba bhreá linn bhur dtacaíocht. Le cunamh Dé, beidh cúpla lá mór amach romhainn i bPáirc an Chrócaigh leis na geansaithe álainn.







*A new set of school jerseys are on the way just in time for Christmas for our Scoil Chrónáin teams. They were badly needed especially with the amount of teams that we have and the interest that the children are showing. A huge thank you to* ***Colm Aherne and 'Premierline'*** *for kindly sponsoring the set of jerseys. We are all grateful for 'Premierline' for their generosity and for the excellent service that they provide for us here in Scoil Chrónáin. Meas mór i gcónaí! Le cunamh Dé, beidh cúpla lá mór amach romhainn i bPáirc an Chrócaigh leis na geansaithe álainn.*

## Maratón na bPáistí *Marathon Kids*

Is dócha gurb é an clár 'Maratón na bPáistí' is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na leanaí Rang 5 agus 6 ó thús na bliana. Bhí orainn 4 lá gach seachtain a chaitheamh ag rith, ar feadh 8 seachtaine. Tar éis an tréimhse ama sin bhí 25.2 míle déanta againn agus ritheamar an míle deireanach i Stáid Morton, Seantreabh ar an 15/11/23. Éacht mór a bhí ann Maratón iomlán a rith i 33 lá. Bhain na páistí taitneamh as a bheith ag rith agus an tábhacht atá leis an aclaíocht dod'shláinte.



*The children really enjoyed the Marathon Kids programme and it has been the highlight so far for many of them. We had to run four days a week for 8 weeks in total. After the 8 weeks of running in school we had completed 25.2 miles and we ran the final mile in Morton Stadium, Santry on the 15/11/23. It was a huge achievement to run a full Marathon in 33 days. The children really enjoyed the running and also learning about all the benefits of being active to their health.*







## Crann Nollaig sa Chlós *Christmas Tree in Yard*

Thug Le Chéile bronntanas álainn chughainn ag deireadh Mí na Samhna. Fuair siad crann nollaig álainn ó Slade Valley Christmas Tree Farm. Rinne siad sár obair á mhaisiú agus tá na páistí chomh tógtha leis ó tháinig sé. Go raibh míle maith agaibh.

*Thank you to Le Chéile for organising the Christmas Tree in the yard again this year. The tree was kindly donated by a local company Slade Valley Christmas Tree Farm.*



## MS Readathon

Táimid chomh bródúil as na ranganna ar fad a ghlac páirt san MS Readathon i mbliana. Bhailigh Ranganna 1,2 & 3 os cionn €6000.

*We are delighted that many classes took part in the MS Readathon this year. Rang 1, 2 & 3 raised over €6000.*




## R3A & David Walliams

Bhí ana lá ag Rang 3A ag Amharclann an Civic i dTamhlacht le déanaí. Bhuail siad leis an údar cáiliúil David Walliams ag ócáid a bhí eagraithe ag Seirbhís Leabharlann Átha Cliath Theas. Táimid anabhuíoch dóibh. Bhí lá iontach ag gach duine a bhí ann.

*Rang 3A got to meet with the world famous author David Walliams in the Civic Theatre in Tallaght organised through South Dublin Library Service. A huge thank you to them. What a wonderful opportunity for the children and staff!*

## Boscaí Hope *Christmas Shoebox Appeal*

Do thacaigh tuismitheoirí na scoile go fial flaithiúil leis an bhfeachtas 'Christmas Shoe Box Appeal' ó Team Hope arís i mbliana. Thug an scoil 160 bosca lán de bhronntanais i mbliana. Go raibh míle maith agaibh as bhur bhflaithiúlacht!

*We had a wonderful response from our school families for the Team Hope 'Christmas Shoe Box Appeal'. Scoil Chrónáin handed over 110 Shoe Boxes this year! Thank you very much*





## **Lá Pitseámaí** *Pyjama Day*

Bhí lá iontach ag na páistí ar Lá na Pitseamaí. Bhí foireann na scoile gléasta ina bpitseamaí fiú. Bhí gach duine réidh do seó na mbreagán i ndiaidh scoile. Bhí beirt ón scoil ar an teilifís ar an lá agus bhí siad ar fheabhas. Ar chonaic sibh iad? Seo pictúirí ón lá é féin.

*There was great fun and excitement in school on Lá Pitseámaí that coincided with the Late Late Toy Show. All of the staff were in their pyjamas and everyone had a great day. Here are some photos of the day itself! There were two special guests from Scoil Chrónáin on the Toy Show…Did you see them?*
























Mol an Óige



## *After School Activities*

Tá na gníomhachtaí seo ar siúl i ndiaidh an lá scoile i Scoil Chrónáin i rith na bliana. Féach thíos na sonraí teagmhála dóibh má tá suim agat do pháiste(í) a chlarú leo.

*We have a number of independent After School Activities that take place in our school during the school year. Please contact the specific leaders about their details :*

- Damhsa Gaelach le Scoil Rince na Mara - *Irish Dancing - Marina @ 0872976746*
- Stage Door and More—*Drama School* - Kathleen @ 0860583194
- Creative Keyboard - Krisha @ 01 4854536
- Conversational Irish Classes - Aoileann @ 0874575626

## Seachtain na Mata *Maths Week*

Bhí Seachtain na Mata ar siúl ón 16ú go dtí an 20ú de Dheireadh Fómhair. D'eagraigh muid cluichí agus imeachtaí difriúla don tseachtain. Mar shampla, cluichí clóis, Mata sa Timpeallacht (Conair lasmuigh) agus bord Meastachán.Thug Comhairle na nDaltaí cabhair iontach dúinn i rith na seachtaine, go háirithe agus muid ag eagrú cluichí do na ranganna óga (naíonain go rang 2). Bhí siad breá sásta na himeachtaí a mhiniú agus a imirt leis na páistí óga. Molaim go mór iad. Ar an Aoine, bhí Tráth na gCeist uile scoile againn chomh maith. Thug seo deis do na páistí sna ranganna difriúla meascadh le chéile. Rinne muid iarracht páiste as gach rang a bheith ar gach fhoireann agus d'oibrigh sé amach go hiontach. Bhain na páistí go leir an-sult as an lá agus as an tseachtain.



*Maths Week took place from the 16th - 20th of October. We organised a wide rang of games and activities for the children . For example, maths games for the yard, treasure hunt and an estimation table, amongst other things. The Student Council were a great help throughout the week, especially helping the junior classes with the different games and activities. They were brilliant at explaining and playing the games with the younger children. We arranged a whole school quiz too. This was a great opportunity for all classes to mix together as such opportunities can be limited during the year. We made an effort to have a child from each class group on each team. The children really enjoyed the day and the whole week.*

## Garda Liam

Tá an t-ádh linn go dtagann Gárda Liam ar cuairt chun na scoile go rialta. Cuireann sé aithne mhaith ar na páistí agus tá sé ana-fhlaithiúlach lena chuid ama i gcónaí. Labhair sé le páistí Rang 5&6 roimh briseadh na Samhna faoi a bheith sábháilte thar an briseadh. Guímíd Nollaig Shona air agus ar a chomhghleacaithe agus tá súil againn go mbeidh Daidí na Nollag go maith dóibh!



*Garda Liam is our Community Guard. He is seen regularly at our school gate checking in with us and meeting the children. He met with the children of Rang 5 and Rang 6 in advance of Halloween to speak about the dangers of Fireworks and safety around that time of year. We wish him and his colleagues in the Gardaí a Happy Christmas and we hope Santy will be good to them!*



**Nollaig Shona agus Athbhliain faoi shéan is faoi mhaise daoibh go léir!**

***Have a happy Christmas and all the best in the New Year***

## Dráma na Nollag *Christmas Drama*

Táimid fós chomh tógtha leis an ócáid iontach a bhí againn sa Séipéal agus ar scoil ar an gCéadaoin seo caite. Bhí sé go h-iontach go raibh lucht féachana beo againn arís. Táimid thar a bheith bródúil as páistí rang a 3 as an dráma iontach a léirigh siad agus gan dabht ár naíonáin iontach a chan chomh h-álainn agus iad gléasta mar aingil. Gan dabht buíochas le gach ball foirne a bhí ag cabhrú leo ach go háraithe Múinteoirí Tara & Deirdre, Ciara agus Celina agus na cúntóirí ranga a chabhraibh leis na páistí fáil réidh don oíche.
Chuir Le Chéile críoch iontach leis an oíche i Seomra 6. Táimid chomh buíoch dóibh as gach rud a rinne siad ar an oíche.

*We are still buzzing from the wonderful evening we had in the Church and back in the school on Wednesday. It was great that we were able to invite parents to see the Nativity Play this year. We wish to congratulate the children of Rang a 3 who performed so well on the night and a special mention to our wonderful angels in Naíonáin Bheaga who sang so beautifully.*
*Thank you to all staff who helped on the night but special mention goes to Múinteoirí Tara, Deirdre, Ciara & Celina and all of the SNA's who helped the children prepare for the night.*
*Le Chéile provided the perfect ending to the evening by hosting a wonderful event in Seomra 6. We are so thankful for all of your efforts.*










